V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10699 – SALMAR / NTS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 364/04)

1. An 12 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— SalMar ASA ("SalMar", an Iorua), atá faoi rialú deiridh Kvarv AS,

— NTS ASA ("NTS", an Iorua).

Gheobhaidh SalMar rialú ar NTS ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 17 Márta 2022.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tairgeann SalMar bradáin agus tá oibríochtaí feirmeoireachta agus próiseála aige san Iorua, san Íoslainn agus in Albain, agus tá fochuideachtaí eile atá gníomhach sa tionscal dobharshaothraithe ag a mháthairchuideachta Kvarv AS,

— Tá NTS, trína fhochuideachtaí SalmoNor AS, Norwegian Royal Salmon ASA agus Frøy ASA, gníomhach i bhfeirmeoireacht agus i bpróiseáil bradán san Iorua agus san Íoslainn, chomh maith le codanna eile den tionscal dobharshaothraithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10699 – SalMar / NTS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË